

NA SGEIRDÍ.

Nuala Sheoighe.

Tá cuisle an-chaol idir Sgeirde an Gáirdín agus Carraig an Gháirdín. Ní chuala mé aon duine dá chaítheamh (de léim) ariamh ach bean a raibh Nuala Sheoighe uirthi. Bhí sí ag baint creannuigh ar na Sgeirdí. Chaith sí an chuisle de léim. Ní raibh aon tuitim ann mórán. Ní raibh an léim chó leathan ach nuair a bhreathnóchá síos ann chuirfeadh sé faitchios ort bhí an chuisle chó domhain. Bhí inntinn ag Nuala. Níor chaith aon fhear ariamh an chuisle ach í féin.

Na Sgeirdí.

1. An Sgeirde Mór
2. An Sgeirde Láir.
3. Sgeirde na Leabcha.
4. Sgeirde an tobair.
5. Sgeirde an Gháirdín.
6. Carraig an Gháirdín.
7. Dún Godail (An taobh thoir)
8. Dún Pádraic (An taobh thiar)
9. Dún Ruadháin.
10. Dún Faoille
11. An Mullán Fiadhain.
12. An Mullán Cam.
13. Mullán Pheadair.
14. An Mollán Sgoilte.
15. Dubhleac Sgeirde.
16. Mullán Shéamuis Mhurchadha.
17. Maom Fhéidlim. (maidhm)
18. Maom Sheáin Ní Cheallaigh.
19. Maidhm Thaidhg.
20. An Leathna Mhór.
21. An Tonn Gheal. (An tuinn Ghill.)
22. Carraig a'Mhíle Sgoiltighe.
23. Carraig a' Mhíle
24. An Bolg.
25. An Chómra.
26. Leac Sheáin Mhic Phádraic.
27. An Leac Ruadhálach.
28. Carraig Mhicíl mhic Eoin.
29. An Mullán Dubh.
30. Na Mulláin Chomhthigheach.

Gluais.

1. An chloch is mó agus is airde. Gabhfaidh farrige chaite os a cionn.
3. Mar gheall ar bháid a bheith ag teacht i dtír ann.
4. Uisge báistighe sa tobar. Ní cheapaim gur fíor-uisge é.
9. An darna ceann is fuide siar.
10. An taobh thoir de (g).
11. An charraig is fuide ó dheas.
12. Tá sí i naice le (H).
17. Ní triomuigheann sí ach le dith-thrágh rabharta mór.
18. Triomuigheann sí ar mhallmhuir.
19. Triomuigheann sí le díth thrá rabharta.
20. An leathna-triomuigheann trí mhullán de.

21. Tá an tuinn ghil i lar báire idir Cruach na Cara agud Dubh Leac Sgeirde. An charraig is contubhairtighe ar fad acab.
22. An ceann is fuide siar dtuaidh.
23. Is mó í ná (22).
24. An bolg mór-margheall ar an séidean a gníos sé is faoi atá faitchíos ar chuile fhear.
26. Ar an gcolbha ó thuaidh.
30. Soir ndéas ó dhún Ruadháin.